



# Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga



Fuadaithe  
le Malorie Blackman

Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Faoin Leabhar:

Sciobtha agus scanraithe. Níl a fhios ag Cáit cén fáth ar fuadaíodh í. Níos measa ná sin, níl a fhios aici conas a éalóidh sí. Scéal eachtrúil é seo faoi chrógacht agus faoin gcaidreamh casta a bhíonn ann idir tuismitheoirí agus a gcuid páistí.

## Faoin Údar:

Tá breis agus 50 leabhar scríofa ag Malorie Blackman. Is í atá mar Laureate na nÓg 2013–2015 sa Bhreatain. I measc na ngradam atá bainte aici ar son a cuid scríbhneoireachta tá an Red House Children's Book Award agus an Fantastic Fiction Award. Is maith léi scannáin, drámaí amharclainne agus drámaí teilifíse. Ach an rud is mó a thaitníonn léi ná leitheoireacht. Leabhair do pháistí is mó a léann sí. Tá tuilleadh eolais faoi Malorie le fáil anseo – [www.malorieblackman.co.uk](http://www.malorieblackman.co.uk)

## Téamaí an Leabhair:

Misneach – Is léir ó thús an scéil gur duine neamhspleách í Cáit. Nuair a fhuadaítear í, coinníonn sí a misneach agus smaoiníonn sí siar ar na cleasanna beaga atá foghlamtha aici óna Daid. De bharr í a bheith chomh misniúil, cróga sin, éiríonn léi ealú.

Caidreamh Clainne – Tá fo-phlota láidir ann faoi chaidreamh Cháit lena hathair. In ainneoin go bhfuil amhras uirthi faoin ngrá atá ag a Daid di, is léir, de réir mar a thiteann an scéal amach, go bhfuil ceangal láidir eatarthu agus gurb í Cáit bun agus barr shaol a Daid.

Má thaitin an leabhar seo leat, seans go dtaitneoidh *An Phluais* le David Gatward leat freisin. Scéal eile é sin faoi chailín a bhfuil eagla uirthi, ach éiríonn léi smacht a chur ar an eagla, rud a léiríonn gur duine misniúil, cróga í i ndáiríre.





# An Clúdach

## Leplé:

Féach ar an gclúdach sula dtosaíonn tú ag léamh an leabhair. Cén sórt scéil a bhfuil tú ag súil leis? An spreagann an pictiúr do shuim sa scéal? Cén fáth?

Féach ar an stíl a bhfuil an teideal ‘Fuadaithe’ scríofa inti ar an gclúdach. Cad atá neamhghnáthach faoi na litreacha? Cén fáth gur roghnaigh an dearthóir na litreacha a dhéanamh mar sin? Cén bhaint atá ag an stíl leis an teideal ‘Fuadaithe’? Féach ar an stíl a bhfuil ainm an údair, Malorie Blackman, scríofa inti. Cad atá neamhghnáthach faoin stíl sin? An gcuireann an stíl leis an atmaisféar atá an dearthóir ag iarraidh a chruthú? Conas?



# Caibidil 1

## Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth nach raibh Cáit ag iarraidh a Daid a fheiceáil?

Cén fáth go raibh an ghráin (fuath) aici ar a teach anois?

Cén cleas a bhí ag an bhfuadaitheoir sa charr le haird Cháit a fháil?

## Le plé sa rang:

Cén fáth nach raibh Mam Cháit ann níos mó, dar leat? Scríobhadh gach duine síos cén fáth, agus dean plé ar na freagraí éagsúla sa rang. Cén freagra is fearr, dar leis an rang?

Tá an scéal seo á scríobh sa chéad phearsa – is é sin le rá gurb é scéal Cháit atá ann: ‘Bhí sé dorcha nuair a d’fhág mé an scoil.’ Cén fáth gur roghnaigh an t-údar an scéal a scríobh mar sin, seachas tosú mar seo: ‘Bhí sé dorcha nuair a d’fhág Cáit an scoil’? Cé acu bealach inste ab fhearr leis an rang? Cén fáth?

## Smaoineamh don Rang Ealaíne:

Cuimhnigh go raibh Cáit ag siúl sa dorchadas. Déan postaer a dhearadh chun cód iompar sábháilteachta a chur chun cinn. Luaigh na bealaí éagsúla is féidir coinneáil sábháilte ar na bóithre.



## Caibidil 2



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Déan cur síos ar an dá fhear sa charr. Bain úsáid as an bpictiúr, chomh maith leis an téacs, chun cur síos níos iomláine a dhéanamh.

Cé go bhfuil faitíos nó eagla an domhain ar Cháit, tá misneach aici freisin. Cén chaoi nó conas a léiríonn an t-údar an misneach sin?

Cén fáth nach raibh éinne in ann Cáit a fheiceáil agus an carr ag tiomáint tríd an mbaile?

### Le plé sa rang:

Cén obair atá ag Daid Cháit? Cén tábhacht atá leis an eolas sin chun an rud a tharla do Cháit a thuiscint?

Cén plean atá ag na fuadaitheoirí, dar leis an rang?

Cé acu den triúr fuadaitheoirí is gránna dar leat? Tabhair fáth le do fhreagra.

### Smaoineamh Drámaíochta:

Déan grúpaí de cheathrar – is láithreoir nuachta sa stiúideo duine amháin, tuairisceoir ag scoil Cháit duine eile, príomhoide na scoile, duine eile, agus Anna, an cara is fearr atá ag Cáit an cheathrú duine. Réitigh script don mhír teilifíse – an láithreoir ag cur an scéil i láthair, an tuairisceoir ag tabhairt eolais ón láthair, an príomhoide ag cur síos ar Cháit, agus a cara, Anna, ag impí ar dhaoine cabhrú leis na Gardaí.

## Caibidil 3



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth gur thosaigh Cáit ag comhaireamh na soicindí agus iad ag tiomáint?

Ar leathanach 19, tá cur síos ag Cáit ar theacht amach as an gcarr agus dul isteach sa teach. Níl sí in ann feiceáil mar go bhfuil púicín ar a súile – ach céard a thugann sí faoi deara leis na céadfaí eile atá aici?

Cén fáth go raibh an fear fionn crosta leis an bhfear maol?

### Le plé sa rang:

Is léir gur phleanáil na fuadaitheoirí an gníomh gránna seo go cúramach.

Bhí ar na fuadaitheoirí taighde a dhéanamh faoi Cháit agus a Daid le bheith cinnte go n-éireodh leo. Cén t-eolas a fuair siad amach faoi Cháit a rinne níos éasca dóibh í a fhuadach? Déan liosta pointí.

Cé na rudaí eile a bhí le pleanáil acu le bheith cinnte nach bhfaigheadh na Gardaí iad?

### Smaoineamh don Scríbhneoireacht Chruthaitheach:

Lig ort féin gur laoch i scéal tú a bhfuil cumhachtaí speisialta aici nó aige. Céard iad na cumhachtaí speisialta ba mhaith leat a bheith agat agus tú ag iarraidh éalú ó fhuadaitheoir?



## Caibidil 4



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth nach raibh Cáit cinnte go raibh Daid ag iarraidh í a fheiceáil arís?

Déan cur síos ar an gcleas a d'fhoghlaim Cáit óna Daid maidir lena lámha agus a cosa a bheith á gceangal.

Cén fáth gur lig an bhean do Cháit labhairt lena Daid ar a fón póca?

### Le plé sa rang:

'In ainneoin gur mioncharachtar é Seán – is carachtar fíorshuimiúil é. Cé go mbíonn sé ag béiceach ar Cháit, is léir go bhfuil trua aige di freisin.' An aontaíonn an rang leis an ráiteas sin? Cén fáth gur mar sin a chum an scríbhneoir an carachtar seo?

Cum cúlscéal don charachtar Seán ag miniú conas agus cén fáth gur shocraigh sé cabhrú leis an mbeirt eile athair Cháit a robáil.

### Le déanamh:

Dá mbeadh cailín óg imithe ar iarraidh mar seo, bheadh an scéal sa nuachtán. Cum cúpla ceannteideal a chuirfeadh nuachtán leis an scéal seo ar leathanach a haon den nuachtán.



## Caibidil 5



### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth gur sháigh Cáit an guma coganta i bpoll na heochrach sa doras?

Cén sort treoracha a thug sí don Gharda ar an bhfón chun cabhrú leis an teach a fháil?

'Ansin thit mé..' Cad tá chun tarlú anois?

### Le plé sa rang:

I gcaibidil a haon, luaigh an t-údar an biorán agus an guma. Ar cheap an rang ag an am go raibh tábhacht ag baint leis na rudaí sin? Cén fáth gur luaigh an t-údar i dtosach an scéil iad?



## Smaoineamh don Scríbhneoireacht Chruthaitheach:

“Ná cas timpeall a dúirt mé liom féin.”

Scríobh scéal eile a thosaíonn leis an líne sin faoi dhuine acu seo: duine gan dídean i gcathair mhór; píolóta atá ina chaptaen ar scairdeitleán daoine, go hard os cionn na farraige; tumadóir atá ag snámh agus siorc ina dhiaidh.



## Caibidil 6

### Cúpla Ceist Faoin Téacs:

Cén fáth ar ghá do Cháit fanacht ina dúiseacht, de réir an méid a bhí Daid tar éis a rá léi uair amháin?

Cad a bhí ar siúl ag Daid nuair a bhuail na Gardaí leis níos luaithe?

Cén dinnéar ab ansa le Cáit?

### Le plé sa rang:

Lig ort féin gur cruinniú foireann scannáin atá ar siúl sa rang. Tá sibh chun scannán a dhéanamh den leabhar Fuadaithe. Roghnaigh aisteoirí aitheanta le páirteanna na gcarachtar ar fad sa scéal seo a ghlacadh. Breac nótaí faoi na suíomhanna a d'úsáidfeá leis an scannánaíocht a dhéanamh – úsáid fíoráiteanna a bhfuil eolas agat orthu más féidir. Cé na héifeachtaí speisialta a d'úsáidfeá leis an scéal a dhéanamh níos láidre? Cé na radhairc ba dheacra le scannánaíocht a dhéanamh orthu, dar leat? Agus cé na cinn ba éasca?

### Smaoineamh don rang ealaíne:

Déan póstaer don scannán Fuadaithe.



Futa Fata

